
# 5. Inscne

## Nótaí do Mhúinteoirí




Scoil Náisiúnta Naomh Caitríona, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath

Tagraíonn Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (1948) don 'dínit bhunúsach' agus cearta comhionanna 'gach ball den teaghlach daonna'. Ar an drochuair, go fírinneach, cuirtear bac ar dhaoine áirithe teacht ar a gcearta daonna toisc go mbíonn saintréithe acu nó gur ball iad de ghrúpa ar leith.

Bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim na páistí faoi chéasadh na nGiúdach i nGearmáin na Naitsithe agus san Eoraip faoi Forghabháil in Aonad 3, fiosróidh siad an fíoras nach n-aithníonn rialtais, cumainn, pobail agus daoine aonaracha go bhfuil gach duine daonna cothrom ná ní chaitear leo mar sin. Is aidhm do ghníomhaíochtaí sa cheacht seo páistí a chumasú le dul i ngleic lena réamhthuairimí faoi dhaoine bunaithe ar shaintréithe amhail a n-inscne, a n-eitneacht, reiligiún, stádas socheacnamaíoch nó riachtanais speisialta a d'fhéadfadh bheith acu. Spreagfar iad chun claontacht a cheistiú, trí bhuanchruthanna, ar a bhfuil na réamhthuairimí bunaithe, a cheistiú.

Le linn an cheachta fiosróidh na páistí cuid de chearta (chomh maith le grúpaí eile) a diúltaíodh do mhná agus a dhiúltaítear go fóill in áiteanna sa domhan. Tá fócas ar leith san aonad seo ar an cheart chun oideachais. Fiosrófar idirspleáchas na gceart, agus an dóigh a bhfuil gach ceart nasctha go doréitithe le linn an phróisis. Mar shampla, mura bhfaigheann mná oideachas is féidir leis seo dul i bhfeidhm ar a n-ábaltacht chun obair amach anseo, íoc as bia, uisce agus éadaí, agus déanann sé iad níos leochailí.

**Gnéas agus Inscne:** Tagann daoine firinscneacha nó baininscneacha ar an saol(gnéas), ach foghlaimíonn siad an dóigh le bheith ina gcailín agus ina ngasúr a fhásann ina mná agus ina bhfir (inscne). Teagasctar dóibh cad é an t-iompar agus na dearcaidh, róil agus gníomhaíochtaí 'cearta' dóibh, agus cad é mar ba chóir dóibh caitheamh le daoine eile. Is é an t-iompar foghlamtha a chruthaíonn inscne, agus a chinntíonn róil inscne.

**Gnéasachas:** Tugtar gnéasachas ar leithcheal toisc gur duine firinscneach nó bainscneach tú (d'inscne).

**Claontacht:** Tarlaíonn leithcheal toisc go ndéanann daoine cinntí faoi dhaoine nach bhfuil bunaithe ar fhíorchúiseanna, .i. tá siad claonta. De ghnáth síleann siad nach bhfuil an duine chomh maith leo toisc reiligiún, cine, inscne an duine eile srl.

**Buanchruthú:** Cinneadh a dhéanamh nach bhfuil bunaithe ar fhíorchúis .i. má bhuaileann tú le duine rua, abair, a bhí taodach agus ansin talamh slán a dhéanamh de go bhfuil gach duine rua mar sin. Tugtar buanchruthú air seo.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas na páistí:

- Tábhacht céannacht grúpa a fhiosrú agus buanchruthú inscní a imscrúdú
- Measúnú a dhéanann ar leá mhéad a chuireann ballraíocht ghrúpa le cuimsiú nó le heisiamh duine ón mhórshochaí;
- Imscrúdú a dhéanamh ar bhuanchruthú inscní agus inscne san oideachas a fhiosrú, sa dóigh go dtig le páistí an dóigh a dtéann ár róil inscní i bhfeidhm ar ár gcearta chun páirt a ghlacadh;
- Scileanna amhail athmhachnamh, léann chomhoibrithe, grúp-dhíospóireacht, fiosrú agus léirmhíniú a chleachtadh agus a fhorbairt.

**Acmhainní**

Do Ghníomhaíocht A:

- Cóip de Leathan Oibre 5.1 agus 5.2 (leathanaigh 91 agus 92), agus péire siosúir do gach grúpa
- Póstaer ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine
- Póstaer ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste

Do Ghníomhaíocht Fairsingithe Roghnach 4:

- Leathan Oibre 5.3 (leathanach 93)
- Léarscáil an domhain
- Nótaí greamaitheacha nó píosaí páipéir agus greamachán gorm
- (Is féidir cairtchlár, pionna éadaigh agus píosa fada sreangáin a úsáid don ghníomhaíocht seo)

## A. Inscne agus Slite beatha

Roinn an rang i ngrúpaí beaga. Tabhair cóip de Leathan Oibre 5.1 (leathanach 91), 'Slite Beatha i bhFocail'. Iarr ar pháiste amháin i ngach grúpa an Leathan Oibre a ghearradh ina gcártaí.

Iarr ar na páistí na slite a shórtáil isteach in dhá ghrúpa, bunaithe ar chatagóirí a aimsíonn siad féin. Is féidir iarraidh ar na grúpaí urlabhraí a ainmniú le tuairisciú a dheanamh.

Iarr ar gach grúpa tuairisciú a dheanamh leis an chuid eile den rang ar cé acu den dá ghrúpa ina roinn siad na cártaí focail agus cé acu slite beatha atá sa dá ghrúpa.

Tabhair cóip de Leathan Oibre 5.2, 'Slite Beatha i bhFocail' (leathanach 92) do gach grúpa.  Iarr ar bhall eile de gach grúpa an Leathan Oibre a ghearradh ina gcártaí. Iarr ar na páistí na cártaí 'Slite Beatha i bhFocail' a mheaitseáil leis na cártaí  'Slite Beatha i bPictiúirí'.

Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt i ndiaidh meaitseáil amháin i sealanna.

Éascaigh díospóireacht ranga a chuireann ar chumas na bpáistí meaitseáil focal/pictiúr a fhiosrú maidir le hinscne:

- An bhfuil iontas ort faoi mheaitseáil focal/pictiúr ar bith? Má tá, cad chuige?
- An gcuireann sé iontas ort gur meicneoir í an bhean? Má chuireann, cad chuige?
- An gcuireann sé iontas ort gur fear é an gruagaire? Má chuireann, cad chuige?
- Cad iad na tréithe a shíleann tú atá iontach tábhachtach i dtaca le gach ceann de na poist léirithe ar na cártaí úd? An ndéanann sé difear gur fear nó bean an duine?

Úsáid an póstaer ar DUCD agus CCP, dírigh ar Airteagal 2 i ngach cás agus cuir i gcuimhne do na páistí go ndeir an dá chonradh:

- Is cothrom *gach* duine daonna,
- Tá cearta comhionanna ag *gach* duine daonna,
- Tá an ceart ag *gach* duine daonna go gcaithfear leo go cothrom.

Iarr tuairim agus aiseolas ó na páistí ar an fhís seo de chomhionannas.

## B. Inscne agus Oideachas

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag déanamh gníomhaíochta a thabharfaidh deis dóibh le smaoineamh ar cé acu a théann nó nach dtéann deiseanna agus roghanna san oideachas i bhfeidhm orthu ag brath ar cé acu is gasúr nó cailín iad.

### 1. Díospóireacht ar an Cheart chun Oideachais

Aithníonn DUCD (Airteagal 26) agus CCP (Airteagal 28) araon oideachas mar bhuncheart duine daonna agus deir siad go bhfuil an ceart ag gach duine chun oideachais.

**Úsáid na ráitis a leanas chun tús a chur le díospóireacht ranga ar stádas oideachais mar bhuncheart an duine.**

> 'Is é buncheart an duine é an t-oideachas agus is rud bunúsach é sa troid ar son dhínit agus shaoirse an duine.' – *Feachtas Domhanda ar son Oideachais*
>
> 'Tá na milliúin tuismitheoir, múinteoir agus páiste thart ar an domhan ag iarraidh ar a rialtais chun bunoideachas, saor, ar chaighdeán ard do pháistí uile an domhain a chur ar fáil … cuirimid ár nguth leis an iarraidh úd.' – *Nelson Mandela agus Graca Machel (Aibreán 2002)*
>
> 'I 25 tír ar a laghad ar an domhan níl ann … d'oideachas éigeantach.' – *Angela Melchiorre, At What Age? (Togra: An Ceart chun Oideachais, 2004)*

Úsáid na ceisteanna a leanas chun an díospóireacht a threorú:

- Fiafraigh de na páistí cad é leá chiallaíonn an t-oideachas dóibh.
  *Cé chomh tábhachtach agus atá sé dá dtodhchaí?*
- Fiafraigh de na páistí cad é a shíleann siad a chiallaíonn na ráitis sa bhosca.
  *An aontaíonn nó an easaontaíonn siad leo?*
  An síleann siad go bhfuil oideachas tábhachtach? Cad chuige?/Cad chuige nach síleann?
  *Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí féideartha a bhaineann le hoideachas a fháil?*
  *Cad iad na hiarmhairtí (féideartha) dóibh siúd nach bhfaigheann oideachas?*
  *Cé chomh difriúil is a thiocfadh a saol bheith ach oideachas bheith acu?*

Tá deiseanna eile chun an ghníomhaíocht a fhorbairt sa rannóg roghnach fairsingithe (Gníomhaíocht 3).

## 2. Cailíní agus an tOideachas

Léigh amach na ráitis a leanas leis na páistí nó taispeáin iad ar an chlár:

> sa bhliain 2000 …
>
> - … ba lú an seans ar 20% ag cailíní tosú ar scoil ná gasúir in 11 tír ar an domhan.
> - … ní raibh 104 milliún páiste ag freastal ar bhunscoil. Ba chailíní iad tromlach suntasach (57%) na bpáistí úd.
> - … ba mhná iad dhá thrian de 860 milliún duine neamhliteartha, beagnach, ar an domhan .[1]

**Iarr tuairim ar na páistí trí na ceisteanna a leanas a chur:**

- Cad é mar a shíleann tú faoi na ráitis?
- An bhfuil iontas orthu?
- An síleann siad go bhfuil an scéal cothrom/éagothrom do chailíní/ghasúir?
- Cad iad na fáthanna atá leis an scéal seo?

Cuir in iúl go mbaineann na trí fhíoras a tugadh dóibh le rochtain éagothrom ar oideachas.

Mol cé go mbíonn rochtain chothrom ag cailíní agus gasúir i dTuaisceart Éireann/i bPoblacht na hÉireann ar oideachas, tá difríochtaí ann go fóill taobh istigh d'oideachas nach mbaineann le cé acu is cailín nó gasúr tú. Is féidir leis na roghanna atá ag páistí nó a dhéanann páistí ar scoileanna bheith ag brath ar cé acu is cailín nó gasúr iad. Déan ransú smaointe leis na páistí ar cad iad na difríochtaí a d’fhéadfaí bheith ann.

Mar shampla is féidir gur rogha idir ábhair/curaclaim, spóirt, éide, ionchais ról agus iompair, cluichí clóis, srl. na difríochtaí féideartha seo.

**Lean seo le díospóireacht ranga:**

- Roghnaigh pointe amháin nó dhó déanta agus pléigh na dearcaidh shóisialta i dtaca le chailíní agus/nó gasúir agus cad é a d’fhéadfaí na difríochtaí seo a chruthú.

*NÓ*

- Tabhair pointe amháin do gach grúpa agus iarr orthu an pointe seo a phlé roimh thuairisciú don chuid eile don rang.

**Faoi dheireadh, fiafraigh de na páistí:**

- An gcuireann cuid ar bith de na difríochtaí isteach ort? Cad chuige?/cad chuige nach gcuireann?
- Cá síleann tú a bhforbraíonn na dearcaidh seo?
- Ar chóir go mbeadh na roghanna agus deiseanna céanna san oideachas ag cailíní agus gasúir?

[6] UNESCO Publishing, Gender and Education for All. The Leap To Equality (2003: UNESCO, Paris), p.2 and p.6.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnach:

**1. Eochairfhocail**

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí a mholtar thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí ar na heochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Inscne
- Comhionannas
- Buanchruth
- Claontacht

Maisigh na focail ar theimpléad 'bríce' agus cuir iad seo le balla chearta an duine

Aimsigh a oiread focal beag is féidir leo laistigh den fhocal

Obair foclóra:
Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ag leathanach 111 den acmhainn seo)

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt míniúchán ar fhocail áirithe a scairteadh amach agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniúcháin an fhocail a chumadh agus iad a thaifead i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

**2. Obair Dialann Mhachnaimh**

Tabhair deis do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a thaifead

**3. Díospóireacht Oideachais**

Iarr ar na páistí freagairt a thabhairt agus ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna a leanas a phlé:

1. Deir Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (Airteagal 26) go bhfuil an ceart ag gach duine chun oideachais. An bhfuil oideachas chomh tábhachtach sin gur cóir go mbeadh sé ina cheart bunúsach amhail an ceart chun go leor bia, uisce ghlain agus dídine?
2. Deir Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste (Airteagal 28) gur cóir go mbeadh bunoideachas éigeantach agus saor do gach páiste. An aontaíonn tú leis seo? Cad chuige?/cad chuige nach n-aontaíonn?
3. An bhfuil buntáistí ann le hoideachas a fháil, a) don duine aonarach, b) don phobal ina gcónaíonn an duine, c) don tsochaí nó don tír ina gcónaíonn an duine? Má tá, cad iad na buntáistí i ngach cás, dar leat?

**4. Cearta an Duine agus Mná**

Is aidhm don ghníomhaíocht seo daltaí a spreagadh chun neamhionannas na gceart idir fir agus mná agus an tionchar seo a fhiosrú.

Cuir léarscáil an domhain ar an bhalla.

Déan foirne den rang: A, B, C, agus mar sin de; agus tabhair nótaí nó píosaí páipéir agus greamachán gorm do gach foireann.

Is féidir leat ráitis (ach gan na staitisticí) in ***Bosca Fíorais Ban agus Chearta an Duine*** a scairteadh amach nó Leathan Oibre 5.3 a fhágann amach na staitisticí a dháileadh.

Léigh amach na ráitis in ***Bosca Fíorais Ban agus Chearta an Duine***, ach gan na staitisticí comhfhreagracha. Ba chóir do gach foireann a litir, uimhir gach ráitis agus an céatadán a shíleann siad a bhaineann leis a scríobh ar nóta.

Nuair atá na ráitis léite agus na nótaí comhlíonta, léigh an ráiteas arís eile, ceann i ndiaidh an chinn eile, iarr ar ionadaí ó gach foireann teacht aníos chuig léarscáil an domhain, an figiúr a roghnaigh siad a léamh amach, agus an nóta a chur taobh leis an léarscáil (do ráitis ghinearálta) nó ar an tír bhainteach.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

| | |
|---|---|
| **Mná agus Cearta an Duine** | |
| 1. Céatadán de dhaoine bochta ar mná iad | **70** |
| 2. Céatadán d'ioncam an domhain tuillte ag mná | **10** |
| 3. Céatadán de dhaoine neamhliteartha an domhain ar mná iad | **66** |
| 4. Céatadán de cheannairí parlaiminteacha ar mná iad | **10.7** |
| **An India** | |
| 5. Líon na mbomaite atá ag mná d'am saor (tá 2 uair ag fir) | **5** |
| **Niger** | |
| 6. Céatadán de chailíní rollaithe ar bhunscoil | **23** |
| 7. Céatadán de chailín atá neamhliteartha | **92** |
| **An Airgintín** | |
| 8. Céatadán d'úinéirí talún ar mná iad | **14** |
| **An Afganastáin** | |
| 9. Céatadán de mhná atá pósta cheana, idir 15-19 d'aois | **40+** |

Nuair atá na nótaí uile ar an léarscáil, gabh síos tríd na ráitis arís, ag léamh amach freagraí na bhfoirne agus an figiúr ceart, ag bronnadh pointe gach uair ar an fhoireann leis an mheastachán is cóngaraí.

Pléigh na nithe a leanas leis na páistí:

- Cén staitistic is mó a chuir iontas ort?
- Cén fáth a bhfuil na héagothromaíochtaí seo ann?
- Cad iad na ceangail atá ann idir na fíricí éagsúla? An mbíonn éagothromaíochtaí ann in áiteanna eile toisc éagothromaíochtaí in áit amháin?
- Cad iad torthaí na n-éagothromaíochtaí úd?

**Samhlaigh…**

Anois tabhair píosa cárta gearrtha amach i gcruth scamaill agus pionna do gach dalta; sin nó nóta beag.

Ar bharr an chárta nó an nóta, iarr ar na dalta seo a scríobh: *Samhlaigh domhan ina bhfuil Fir agus Mná Cothrom*… faoin líne seo, ba chóir do gach páiste ráiteas amháin a scríobh ar cad é mar a bheadh an domhan, nó a saol difriúil dá mbeadh cumhacht chothrom ag fir agus mná.

Más gearrthóg scamaill atá in úsáid, ba chóir do dhaltaí iad siúd a chur ar "líne níocháin" sínte trasna an tseomra ranga. Más nótaí atá in úsáid, ba chóir do dhaltaí iad siúd a ghreamú den bhalla.

Tabhair am do dhaltaí amharc ar gach ráiteas eile agus le smaoineamh fúthu.

**5. Togra ar Oideachas:**

Tabhair faoi thogra ranga ar an cheart chun oideachais i dTuaisceart Éireann agus/nó i bPoblacht na hÉireann agus/nó tíortha eile. Thiocfadh leis an togra díriú ar cheist na hinscne agus/nó ar cheisteanna eile ar féidir leo dul i bhfeidhm ar cheart páistí chun oideachais – mar shampla, a stádas socheacnamaíoch, an grúpa eitneach ina bhfuil siad ina mball díobh, creideamh cultúrtha agus reiligiúnach a sochaí agus/nó a dteaghlach, a riachtanais oideachasúla mar gheall ar mhíchumas fisiceach ar bith atá acu nó deacracht foghlama is féidir bheith acu.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Gheobhaidh tú eolas cúlra ar rochtain ar oideachas ó pheirspictíocht dhomhanda ar roinnt líonláithreán – mar shampla:

- Global Campaign for Education, www.campaignforeducation.org (Tá ar an líonláithreán seo moltaí faoi ghníomhaíochtaí is féidir leat a dhéanamh le do rang chun tacú le tuilleadh foghlama ar an cheist seo).
- UNICEF, Girls' Education, www.unicef.org/girlsed
- Féach http://www.genderequity.org/book/contents.html do smaointe ginearálta ar dhíospóireacht inscne.

**6. Nascadh Idirscoile – Ag Obair le Litríocht**

Léigh *The Turbulent Term of Tyke Tyler* le Gene Kemp nó *Bill's New Frock* le Anne Fine leis an rang agus fiosraigh na ceisteanna a éiríonn as an leabhar maidir le hinscne. Má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil eile, thiocfadh leis an dá rang an leabhar a léamh le chéile agus TE a úsáid chun an méid a d'fhoghlaim siad ón leabhar faoi thábhacht na hinscne a roinnt.

# 6. Luacha a Thabhairt do Dhifríochtaí

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Ag tógáil ar ghníomhaíochtaí na nAonad roimhe ar **claontacht** agus ar bhuanchruth, san Aonad seo spreagfar na páistí chun an cheist a chíoradh ar cad é mar a thugaimid breithiúnas ar dhaoine eile agus conas a chinnimid ar dhaoine a gcaithfimid go maith leo nó a gcaithfidh muid go héagothromach leo. Spreagfaidh na gníomhaíochtaí san Aonad seo meas bheith acu ar gach cineál **iolrachais** agus é a urramú agus iolrachas cultúrtha, eitneach agus reiligiúnach san áireamh chomh maith leis an difear le hábaltacht agus suim.

Chomh maith leis an méid a d'fhoghlaim na páistí a dhaingniú maidir le cad chuige a bhfuil cearta an duine againn agus maidir leis na deacrachtaí a bhíonn ag daoine a ndéantar **leithcheal** orthu mar gheall ar chéannacht a ngrúpa, is aidhm don Aonad seo feasacht i measc páistí a spreagadh faoin fhíoras go bhfuil an ceart againn uile bheith difriúil agus tá féidearthacht iontach ag an difríocht seo chun ár saol laethúil a shaibhriú.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas na páistí chun:

- Machnamh a dhéanamh ar cad a shílimid atá fiúntach agus cad iad na rudaí faoi dhaoine eile ar mór againn
- A mhór a dhéanamh de chosúlachtaí agus d’éagsúlachtaí
- Na heispéiris nuair a tugadh meas ort nó nuair nár tugadh a fhiosrú
- Ionbhá, meas agus caoinfhulaingt a fhorbairt
- Scileanna amhail machnamh, grúp-dhíospóireacht, foghlaim chomhoibritheach agus léiriú cruthaitheach a chleachtadh

**Acmhainní**

Do Ghníomhaíocht A:

- Leathan Oibre 6 (leathanach 94)

Do Ghníomhaíocht B:

- Achoimre ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste (leathanach 103)
- Achoimre ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (leathanach 104)

## A: Breithiúnas a thabhairt – Príosúnach agus Breitheamh

Is aidhm don ghníomhaíocht seo feasacht i measc páistí a spreagadh ar cad é mar théann ár n-ionchais agus/nó ár gclaontachtaí i bhfeidhm ar ár mbarúil ar dhaoine agus ar staideanna.

Léigh amach an dán *Príosúnach agus Breitheamh* don an rang agus/nó déan cóipeanna de Leathan Oibre 6 agus iarr ar na páistí féin an dán a léamh go ciúin. Tabhair deis do na páistí na téamaí sa dán a aimsiú agus a phlé trí fhiafraí díobh:

- Cad iad na difríochtaí idir éadaí, gnéithe aghaidhe agus comhshaoil na bhfear?
- Cad iad na tuairimí a nochtadh faoin bheirt fhear?
- An síleann tú go bhfuil na tuairimí bunaithe ar an fírinne?
- An síleann tú go mbíonn barúlacha daoine eile cruinn i gcónaí?

Fiafraigh de na páistí más féidir le daoine, go ginearálta, bheith cosúil leis na daoine sa dán: An gcruthaíonn siad tuairimí agus an dtugann siad breithiúnas ar dhaoine nach bhfuil aithne acu orthu bunaithe ar an chuma atá orthu, a gcuid éadaí, cad é a dhéanann siad, cá gcónaíonn siad, srl.?

Roimh na ceisteanna thíos faoi a chur ar na páistí, cuir ar a suaimhneas iad gur féidir linne uile breithiúnas mícheart a thabhairt ar dhaoine eile in amanna.

**Mínigh do na páistí gur mhaith leat go ndéanfaidís machnamh ciúin ar na ceisteanna a leanas:**

- An féidir leat smaoineamh ar dhuine ar thug tú breithiúnas air ar bhealach éigin, ansin thuig tú go ndearna tú meancóg?
- Cad é ba chúis leis an bhreithiúnas mícheart a thabhairt ar an duine dar leat?
- Cad é a thug ort do chomhairle a athrú?
- Cad é mar a bhraith sé nuair a thuig tú go raibh an bharúil mhícheart agat faoin duine?


## B. A Luach a Thabhairt do Dhifríochtaí

Thiocfadh leat an ghníomhaíocht a thosú trí iarraidh ar an rang cuid obair foclóra a dhéanamh. Iarr orthu an focal 'fiúntas' a chuardach ina bhfoclóir. Is féidir a shainmhíniú, a léamh amach, é a chur ar an chlár, é a chóipeáil agus é a scríobh ina ndialann ar chearta an duine, má bhíonn ceann acu. Ag deireadh an cheachta, b'fhéidir gur mhian leat an deis a thabhairt do na páistí an sainmhíniú seo a mhaisiú trí íomhá a spreagann an focal ina intinn a chuidíonn leo é a thuiscint a chur leis.

Déan ransú smaointe ar an fhocal 'fiúntas' leis na páistí. Cad é a chiallaíonn sé? An féidir leo smaoineamh ar fhocal ar bith a bhfuil an cineál céille leis? (meas, tábhacht, srl.) Cad é mar a thugann siad a luach do rud éigin? Má dhéanann tú a mhór do rud éigin/do dhuine, cad é mar a chaitheann tú leo?

**Is féidir na ceisteanna a leanas a úsáid leis na páistí chun na mothúcháin a bhaineann le do luach a fháil a phlé:**

- Cé hiad na daoine i do shaol ar mór agat iad? Cad chuige?
- Cad iad tréithe na daoine a shíleann tú a mhór dóibh - mar shampla, i mbaill do theaghlaigh, do chairde, daoine a mbuaileann tú leo gach lá ar scoil nó i do phobal, daoine mór le rá a bhfuil meas agat orthu?
- Liostaigh tréithe do charad/do mhúinteora/do thuismitheoirí.



Kate Finnegan,
Bunscoil Chlochar Naomh Iósaef,
An Iúr, Contae an Dúin

- An ionann tréithe duine ar mór agat iad i gcónaí nó an mbraitheann sé ar do chaidreamh leo nó cad é a dhéanann siad (mar shampla, an bhfuil difríochtaí ann idir na tréithe ar mór agat iad ag múinteoir agus ag cara)?
- Cad iad na focail, gníomhartha nó comharthaí a úsáideann tú le cur in iúl do dhuine éigin go síleann tú a mhór dóibh?
- Cad iad na focail, gníomhartha nó comharthaí a chuireann in iúl duit go síleann duine éigin a mhór duit?
- Cad é mar a bhraitheann sé fios a bheith agat go síleann daoine eile a mhór duit?

Ag úsáid achoimrí de DUCD agus CCP, iarr ar na páistí obair i bpéirí/i ngrúpaí beaga, chun cearta sa dá chonradh a aimsiú a chuireann ina luí go díreach nó go hindíreach:

- Gur chóir gur mór againn iolrachas,
- Ní amháin go bhfuilimid difriúil, ach táimid uile cothrom.

Tar ar ais le chéile mar rang agus tabhair aiseolas ar na cearta a d'aimsigh siad.

Má bhíonn an t-am agat, lean seo le díospóireacht ghairid ranga bunaithe ar na cheist 'Ar chóir go sílimis a mhór do dhifríochtaí idir daoine?'



## Nótaí do Mhúinteoirí

Is samplaí iad seo a leanas samplaí d'airteagail i DUCD agus CCP a éilíonn an tábhacht chun comhionannas agus iolrachas gach duine a urramú.

| Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine | Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste |
|---|---|
| Airteagail 2 agus 7: Tá na cearta céanna ag gach duine. Tá an ceart againn uile go gcaitear linn go cothrom agus bheith cosanta ó leithcheal. | Airteagal 2: Tá cearta cothroma ag gach páiste agus is gá iad a chosaint ó gach cineál leithcheala. |
| Airteagal 19: Tá an ceart ag gach duine a mbarúil a nochtadh | Airteagal 12 agus 13: Tá an ceart ag gach páiste le labhairt agus go n-éistfí leo. Tá ceart ag gach páiste iad féin a léiriú gan bhac. |
| Airteagal 18: Tá an ceart ag gach duine chun smaoineamh gan bhac agus a reiligiún a chleachtadh | Airteagal 14: Tá ag ceart ag gach páiste chun smaoineamh gan bhac agus a reiligiún a chleachtadh |
| Airteagal 27: Tá ceart ag gach duine páirt a ghlacadh i saol cultúrtha a bpobail. | Airteagal 30: Tá ceart ag gach páiste foghlaim faoina gcultúr, nósanna agus teanga féin agus sult a bhaint astu. |



Bunscoil Malvern, Béal Feirste, Co. Aontroma

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnach

**1. Eochairfhocail**

Roghnaigh ó roinnt gníomhaíochtaí a mholtar thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí maidir leis na heochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- A Mhór a Dhéanamh
- Iolrachas
- Leithcheal
- Claontacht

Maisigh na focail ar theimpléad 'bríce' agus cuir iad seo le balla Seomra Ranga/Halla Tionóil chearta an duine.

Obair foclóra:

Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ar leathanach 111 den acmhainn seo).

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt míniúchán ar fhocal ar leith a scairteadh amach agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniúchán an fhocail a chumadh agus iad a thaifead i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

**2. Obair Dialann Mhachnaimh**

Is dócha gur mian leat deis a thabhairt do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh.

**3. Obair Meán**

Tabhair faoi thogra meán ranga a chuireann ar chumas na bpáistí tabhairt faoin cheist an síleann a bpobal, sochaí agus/nó na meáin a mhór do dhifríochtaí agus d’iolrachas. Thiocfadh leat iarraidh ar an rang vótáil ar ghné ar leith d'iolrachas a thabharfadh fócas dá dtogra - aois, eitneacht, inscne, reiligiún, teanga, srl.

Thiocfadh leis na páistí nuachtáin agus irisí a chíoradh d'íomhánna, cheannlínte agus ailt a dhéanann ionadaíocht ar a mhór a dhéanamh/ar gan a mhór a dhéanamh d'iolrachas daoine, agus a ngearrthóga a chur i leabhar gearrthóg nó ar thaispeántas. Is féidir leat caibidlíocht chriticiúil pháistí a éascú faoin méid measa atá ag ár sochaí agus na meáin ar iolrachas trí cheisteanna a chur orthu faoin eolas a fuair siad:




- Cad iad na cineálacha a dhéantar/nach ndéantar a mhór díobh?
- Cad é atá ann faoin íomhá, cheannlíne nó faoin scéal a mhaíonn duit go ndéantar a mhór/nach ndéantar a mhór don duine nó do na daoine?
- Cad é faoin duine i gceist a dhéantar a mhór dó/ nach ndéantar a mhór dó dar leat?
- An síleann tú go bhfuil an dóigh a gcuirtear síos ar an duine i gceist cruinn? An síleann tú go bhfuil sé cothrom?
- Cad é mar a d'athrófá an íomhá nó an scéal chun é a dhéanamh níos cothroime nó cruinne?

**4. Buntáistí na Difríochta**

Mar rang, déan machnamh ar cad é mar is féidir le difríocht i ngrúpa bheith ina neart. Iarr ar an rang cuimhneamh ar an dán le Carl Sandburg "Is Difriúil iad Eilifintí do Dhaoine Difriúla " a fiosraíodh in Aonad 3 agus fiafraigh díobh cad iad na buntáistí atá ag na fir bheith ann an eilifint a fheiceáil ar dhóigheanna difriúla.

Iarr orthu obair i ngrúpaí le smaoineamh ar cad é mar is féidir le difríocht bheith ina neart – m.sh. na buntáistí ag scileanna difriúla i bhfoireann peile nó a lán comhábhar difriúil blasta i gcíste. Fiafraigh den rang cad é a dhéanann foireann peile nó císte maith? (Go n-oibríonn gach rud le chéile?)

Spreag iad le smaoineamh ar bhealaí difriúla chun an scéala go bhfuil neart in éagsúlacht a chur in iúl. Ina ngrúpaí, iarr orthu póstaer lena smaoineamh a chruthú. Go hidéalach, thiocfadh na póstaeir a thaispeáint in áit poiblí sa scoil.

### 5. Gníomhaíochtaí Scoile Iomláine – Cairt ar a Luach a Thabhairt do Dhifríochtaí

I ngrúpaí nó i bpéirí, iarr ar na páistí liosta focal a dhéanamh, comharthaí agus gníomhaíochtaí a d'aimsigh siad i nGníomhaíocht B mar bhealaí chun cur in iúl do dhaoine go síleann siad a mhór dóibh agus go bhfuil meas acu orthu, chomh maith le focail, comharthaí agus gníomhartha, a chuireann a mhalairt in iúl.

I ndiaidh díospóireachta faoin dóigh a gcaithimid le daoine eile agus an tionchar a imríonn sin orthu, fiosraigh cad é mar is féidir linn daoine eile a ghortú, i ngan fhios dúinn, gan tuiscint bheith againn ar thorthaí ár ngníomhartha.

Is féidir an ghníomhaíocht a úsáid le haghaidh Cairt Ranga a léiríonn cad é mar atá na páistí ag dul a urramú a ngealltanas do chomhionannas agus a mhór a dhéanamh de pheirspictíochtaí difriúla, éispéiris agus de thraidisiúin atá le feiceáil ina rang agus i bpobal na scoile go ginearálta.

Más féidir, cuir ar chumas an ranga a gCairt a thabhairt chuig comhairle na scoile agus/nó chuig an phríomhoide agus a úsáid a mholadh mar Chairt Scoile a chuireann gealltanas na Scoile lena chinntiú go síleann gach duine sa scoil go bhfuiltear ag déanamh a mhór ar bhonn cothrom dá ndifríochtaí a chur in iúl.

### 6. Gníomhaíochtaí Scoile Iomláine – Mana Scoile

Mol go ndéanann an rang Meirge Scoile a dhearadh a léiríonn gealltanas na scoile do chomhionannas agus d'éagsúlacht. Thiocfadh é a chur i láthair ag tionól scoile agus a theachtaireachtaí a mhíniú.

# 7. Cás-Staidéar– Saothar páistí

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Fiosraítear na dúshláin a bhaineann le cearta an duine a chur i ngníomh tríd an téama saothar

páistí. Fiosraítear tábhacht an oideachais, súgartha agus aire a thabhairt do pháistí (is cearta iad uile sa CCP), i dteannta na deacrachta atá ag teaghlaigh a chónaíonn sa domhan i mbéal forbartha. Amharcfaidh an tAonad seo ar chastacht na faidhbe seo agus cuirfidh sé ar chumas na bpáistí cad é mar is cóir dul i ngleic lena leithéid d'fhadhb a fhiosrú. Fiosraítear scileanna amhail **peirspictíocht** duine eile a fheiceáil agus **comhréiteach** chun teacht ar **réiteach**, a fhóireann do gach duine

Trí fheasacht ar chastacht cheart an duine ar leith a spreagadh, is aidhm don aonad seo cur ar chumas na bpáistí tuiscint ar chastacht chearta an duinea chur i bhfeidhm maidir le ceisteanna a bhfuil fadhb leo ina dtír nó ina bpobal féin. Trí dhíriú ar an cheist faoi Thrádáil Chóir, feicfidh páistí gur féidir fíorthionchar a imirt ar shaol páistí eile, atá cosúil leo féin ar chuid mhór bealaí, ach nach bhfuil an tsaoirse chéanna acu.




Naomi Somerville, Foxall, Scoil Shinsearach Chois Bá, Baile Átha Cliath 13

**Cuspóirí** – Le chur ar chumas na bpáistí chun:

- Machnamh a dhéanamh ar na difríochtaí idir 'óige' agus 'aosacht'
- Foghlaim faoin cheist saothar páistí
- Léirthuiscint a fháil gur féidir le cearta an duine bheith dúshlánach
- Scileanna amhail athmhachnamh, anailís, ionbhá agus fadhbhfhuascailt a chleachtadh agus a fhorbairt

**Acmhainní**

Gníomhaíocht B: Do gach ceann de na ceithre ghrúpa, ceann amháin de na ceithre cártaí 'Peirspictíochtaí ar Shaothar Páistí ' ar Leathan Oibre 7 (cárta difriúil do gach grúpa, leathanach 95/96) agus cóip ar achoimre Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste (leathanach 103).

## A. Cad é an rud é an Óige?

Is aidhm do na gníomhaíochta seo feasacht a spreagadh i measc páistí le taithí dhifriúil, go háirithe idir glúine. Ar a bharr sin tuiscint a mhéadú idir glúine tríd an phróiseas agallaimh, is é aidhm an Aonaid seo seans a thabhairt do pháistí na deacrachtaí idir 'óige' agus 'aosacht' a fhiosrú'.

Iarr ar na páistí duine ó ghlúin níos sine óna dteaghlach nó óna bpobal a chur faoi agallamh.

Is féidir na hagallaimh a dhéanamh go haonarach, i bpéirí nó i ngrúpaí.



Habban Al, Scoil Náisiúnta Naomh Eoin Baiste, Caiseal, Contae Thiobraid Árann

**Ceisteanna a D'fhéadfadh a chur:**

- An dtiocfadh leat a insint dom faoi d'óige?
- Cad an chuimhne is fearr atá agat?
- Cad é an difríocht idir tú bheith i do pháiste agus tú bheith i d'aosach?
- Ar mhaith leat bheith do pháiste ag fás aníos anois? Cad chuige ar mhaith leat?/Cad chuige nár mhaith leat?
- Cén dóigh a bhfuil sé níos fearr bheith i do pháiste ag fás aníos anois?
- Cén dóigh a raibh sé níos fearr bheith i do pháiste nuair a bhí tusa óg?

Déan ransú smaointe leis na páistí faoi cheisteanna eile.

I ndiaidh na n-agallamh, éascaigh grúp-dhíospóireacht ar thorthaí an ranga. Ar tugadh na freagairtí céanna a bheag nó a mhór dá chéile ó agallaithe éagsúla? Ar fhoghlaim siad rud ar bith faoin rud a chuir iontas orthu? Ar bhain siad sult as na hagallaimh a rinne siad?

Iarr ar na páistí na difríochtaí atá ann idir ‘Óige’ agus ‘Aosacht’ a chur in iúl, agus seo bunaithe ar thaithí a n-agallamh.

Spreag na páistí a mbarúil a thabhairt chomh maith. Is féidir torthaí suimiúla teacht as iarraidh ar na páistí smaoineamh ar na difríochtaí a chuidíonn linn idirdhealú a dhéanamh idir páistí agus aosaigh.

Faoi dheireadh, déan comparáid idir CCP agus DUCD. Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar cad é an difear atá idir cearta páistí agus cearta atá ag gach duine agus cad chuige a bhfuil seo amhlaidh.

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Tagraíonn cuid mhór do na cearta i CCP do chearta páistí chun aire agus chosaint a fháil.

‘An ceart chun a bheith lena dtuismitheoiríí nó leo siúd a thabharfaidh an aire is fearr dóibh’

‘An ceart gan a bheith gortaithe ná neamart déanta iontu’

‘An ceart nach n-úsáidfí páistí mar oibrithe saora’

‘An ceart nach n-úsáidfí iad mar shaighdiúir i gcogaí’

## B. Peirspictíochtaí ar Shaothar Páistí

Fótachóipeáil na cártaí 'Peirspictíochtaí ar Shaothar Páistí 'ar Leathan Oibre 7. Cuir an rang i gceithre ghrúpa. Tabhair ceann de na ceithre chárta do gach grúpa. Bí cinnte go bhfuil a gcóip féin de CCP ag na páistí. Iarr ar gach grúpa a gcárta a léamh agus obair le chéile chun ceisteanna cearta páistí a thagann aníos sa chás a thugtar ar a gcárta a aimsiú.

Iarr ar gach grúpa duine amháin a ainmniú a léifidh an cás ar a gcárta leis an chuid eile den rang agus duine eile a déarfaidh leis an chuid eile den rang cad iad na ceisteanna cearta páistí a d'aimsigh a ngrúpa sa chás.

Tabhair an rang le chéile arís agus iarr ar na páistí a ainmníodh na ceithre chás a léamh amach agus a liosta de cheisteanna ceart a chur i láthair. Déan nóta díobh ar an chlár nó ar an smeach-chairt.

**Díospóireacht Ranga:**

Lean seo le díospóireacht ranga a chuireann ar chumas na bpáistí le haontú ar:

- Cad iad cearta na bpáistí a chosnaítear?
- Cad iad cearta na bpáistí nach gcosnaítear?
- An dtagann ceisteanna cearta páistí salach ar a chéile?

Más gá, tabhair sampla do na páistí faoi cad é mar a thagann cearta i gcoimhlint lena chéile sa chás:

- An ceart ag páistí cead aighnis bheith acu nuair atá cinntí á ndéanamh fúthu a rachaidh i bhfeidhm orthu (ba mhaith le Jai obair) in aghaidh ceart páistí le scíste a dhéanamh agus le súgradh (deir an t-oibrí sóisialta nach bhfuil am saor ag Jai le scíste a dhéanamh nó le súgradh).
- An gciallaíonn cearta Jai a chosaint gur gá amharc ar chearta thuismitheoirí Jai? Más gá, cad iad na cearta? (Dírigh aird na bpáistí ar an phóstaer ar DUCD nuair atáthar ag amharc ar an cheist seo).
- An mbeadh sé deacair réiteach a fháil ar cheart ar bith na bpáistí a thagann aníos sa chás seo? Cad chuige?

Déan nóta de fhreagairtí na bpáistí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

**Ról-imirt:**

Iarr ceathrar deonaithe ón rang chun na róil a dhéanamh agus, mar sin de, ionadaíocht a dhéanamh ar pheirspictíochtaí thuismitheoirí Jai, an oibrí shóisialta agus Jai.

Mínigh don chuid eile den rang go bhfuil siad le ról a dhéanamh 'i gcúirt saothar páistí'. Éistfidh siad leis na tuairimí a thugann tuismitheoirí Jai, an t-oibrí sóisialta agus Jai chun tosaigh. Mar chomhaltaí cúirte, is féidir leo 'croscheistiú' a dhéanamh nó ceisteanna a chur ar dhuine i ndiaidh di/dó a c(h)ás a chur i láthair, lena chinntiú go dtuigeann siad peirspictíocht an duine go hiomlán.

Nuair atá gach cás cluinte, iarr ar an rang obair le chéile le teacht ar chomhréiteach nó ar réiteach an cruacháis. Ba chóir go mbeadh an réiteach inghlactha ag gach duine bainteach leis agus a chosnaíonn a gcearta. Lena chinntiú go dtagtar ar comhréiteach inghlactha, ba chóir go gcuirfeadh na ceithrear páistí atá ag déanamh na ról cur in iúl cé acu a aontaíonn siad leis an mholadh atá déanta nó nach n-aontaíonn.

Mura mbíonn an t-am ann do rólghníomhaíocht, éascaigh díospóireacht ranga a dhíreoidh ar theacht ar chomhréiteach nó ar réiteach agus sin a aontú don chás a cuireadh i láthair.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha

### 1. Eochairfhocail

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí atá molta thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí na n-eochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Óige
- Aosacht
- Peirspictíocht
- Comhréiteach
- Réiteach

Maisigh na focail ar theimpléad 'bríce' agus cuir iad seo le balla chearta duine an Ranga/an Tionóil.



Máiréad Savage, Bunscoil Chlochar Naomh Iósaef, An tIúr, Contae an Dúin

Obair foclóra:
Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (Féach gluais ar leathanach 111 den acmhainn seo).

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt míniúchán ar fhocal ar leith a scairteadh amach agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniúcháin an fhocail a chumadh agus iad a thaifead i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

### 2. Obair Dialann Mhachnaimh

Tabhair deis do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a thaifead.

**Samhlaigh…**

Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar cad é mar a bheadh a saol dá mbéarfaí iad i gcuid eile den domhan. An mbeadh siad ina nduine céanna go fóill? Ar mhaith leo gáire agus súgradh lena gcairde go fóill? Cad é a bheadh difriúil?

Má tá an t-am ann, tabhair cuid d'aiseolas na bpáistí don chuid eile den rang.

### 3. Díospóireacht

Ag leanúint cuid de na gníomhaíochtaí A agus B, iarr ar na páistí athbhreithniú a dhéanamh ar a míniúcháin ar an ''óige' agus ar an ''aosacht'.

**Ceisteanna Díospóireacht a d'fhéadfadh bheith ann:**

- An ndéanfá athrú ar bith ar do mhíniúcháin ar an óige agus ar an aosacht?

- An síleann tú gurb ionann ciall na hóige do gach páiste, beag beann ar an tír ina bhfuil siad ina gcónaí, nósanna agus traidisiúin phobal gach páiste, cúinsí teaghlach páiste, srl.?
- An síleann tú gur chóir go mbeadh óige ina eispéireas céanna do gach páiste? Thiocfadh leat an pointe déanta ag tuismitheoirí Jai a thabhairt chun suntais roimh cheist a chur: "Ina theannta sin, sílim gur chóir do pháistí cur le tacaíocht a dteaghlach, mar a rinne siad i gcónaí inár sochaí."
- Dá mbeadh an fhreagracht oraibh, mar rang, as óige idéalach a chruthú do gach páiste, cad é mar a bheadh an óige sin?

**4. Obair ealaíne**

Iarr ar na páistí a gcoincheap roinnte d'óige idéalach a léiriú ag úsáid meán amháin nó níos mó (focail, pictiúir/fótagraif, mím/rólghníomhaíocht, fuaimeanna/ceol, uigeachtaí/dathanna, srl.)

**5. Togra**

Tabhair tacaíocht don rang an tIdirlíon agus/nó ábhair acmhainní eile a úsáid chun taighde níos doimhne a dhéanamh ar an cheist faoi shaothar páistí.

Thiocfadh leo taispeántas balla a dhéanamh ar cad é a fuair siad agus é a thaispeáint in áit phoiblí shuntasach, sa dóigh go mbíonn deis ag páistí eile sa scoil le foghlaim faoi chearta an duine.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Is féidir teacht ar eolas cúlra ar an téama saothar páistí ag:

- Stop Child Labour, www.schoolisthebestplacetowork.org
- Global March Against Child Labour, www.globalmarch.org
- International Programme for the Elimination of Child Labour (International Labour Organisation programme) www.ilo.org/public/english/standards/ipec

**6. Gníomhaíocht Scoile Iomláine – Trádáil Chóir:**

Gníomhaíocht B, is féidir Peirspictíochtaí ar Fhostú Páistí, a úsáid mar bhunchéim chun an cheist ar Thrádáil Chóir a fhiosrú leis na páistí.

Más plean é duit an cheist faoi thrádáil chóir a fhiosrú leis na páistí, bíodh a fhios agat go mbíonn *Coicís Trádála Córa* ann le linn an chéad dá sheachtain de mhí an Mhárta gach bliain.

**Fiosraigh an fhéidearthacht:**

- Le tabhairt faoi ghníomhaíocht scoile iomláine, a bhfuil sé mar aidhm aige feasacht faoi thrádáil chóir i measc chomhaltaí phobal na scoile a spreagadh;
- Le tacaíocht a thabhairt do do rang agus/nó an scoil ina hiomláine chun feasacht faoi thrádáil chóir sa phobal áitiúil a spreagadh.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Is féidir teacht ar eolas faoi thrádáil chóir, Coicís Trádála Córa san áireamh, chomh maith le hacmhainní oideachasúla ar:

Fairtrade, UK, www.fairtrade.org.uk/dowloads/pdf/fairtradeinyourschool.pdf

FairTrade, Republic of Ireland, www.fairtrade.ie/cspe (acmhainní atá ag díriú ar an dara leibhéal, ach is féidir iad a oiriúnú le húsáid leis na ranganna sinsearacha ag leibhéal bunscoile)

**7. Nascadh Idirscoile – Peirspictíochtaí a Mhalartú:**

Má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil eile tabhair tacaíocht do na páistí ríomhphost nó foirm eile teagmhála a úsáid chun a bpeirspictíochtaí ar cad é a chiallaíonn an óige dóibh agus/nó an chiall atá le hóige ídéalach a phlé le páistí sa scoil eile.

# 8. Coimhlint agus Comhrá

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Ag tógáil ar a bhfuil foghlama ag na páistí in Aonaid 2 agus 7 den acmhainn seo, tugann an tAonad seo faoi ceisteanna a fhiosrú a bhaineann le **tuairim** agus é a chleachtadh ar bhealach níos doimhne. Tosaíonn sé trí amharc ar an cheart ag páistí chun labhairt faoi cheisteanna a théann i bhfeidhm orthu (Airteagal 12, CCP) agus tá sé mar aidhm aige na ceisteanna ar chóir labhairt fúthu a fhiosrú leis na páistí agus cad é mar is féidir seo a chur i gcrích.

Díríonn gníomhaíochtaí breise ar pháistí a chumasú chun a gceart chun a dtuairim a chur in iúl ar bhealach freagrach tríd an dóigh a ndéantar tuairimí a cheistiú agus scileanna, amhail **comhrá**, **idirbheartaíocht** agus fadhbhfhuascailt a fhorbairt a bhfuil gá leo chun **coimhlint** a réiteach go rathúil.

Tá féidearthacht ar leith leis an Aonad do mhúinteoirí, a bhfuil suim acu tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ar leibhéal scoile iomláine. Tugann an ghníomhaíocht ar 'An Scoil a Éisteann' teimpléad praiticiúil ina dtig leis na páistí ionchur dearfach ar bheartais agus chleachtais a scoile a dhéanamh. Léiríodh go n-imríonn 'comhúinéireacht' na bpáistí maidir leis an phróiseas cinnteoireachta tionchar dearfach ar iompar agus fíor-thionchar ar thimpeallacht scoile iomláine.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas na bpáistí chun:

- Machnamh a dhéanamh ar cad é mar a dhéantar ár dtuairimí agus na tosca a rachadh i bhfeidhm orthu
- Cearta na bpáistí chun tuairim a nochtadh agus go n-éistfí leo a fhiosrú
- Imscrúdú a dhéanamh ar cad chuige a n-éiríonn le coimhlintí agus cur chuige chun iad a réiteach
- Scileanna a chleachtadh agus a fhorbairt amhail grúp-dhíospóireacht, comhrá, idirbheartaíocht agus fadhbhfhuascailt

**Acmhainní**

- Póstaer ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste
- Cóip de Leathan Oibre 8 (leathanach 97/98) do gach páiste do Ghníomhaíochtaí A agus C.

## A. Páistí ag Nochtadh Tuairimí

Scríobh an ráiteas "Ba Chóir Páistí a Fheiceáil gan Iad a Chluinstin" ar an chlár.

Iarr ar na páistí seo a phlé.

Cuidigh leo achoimre a dhéanamh ar na pointí 'ar son' agus 'in aghaidh' an rúin agus déan iad siúd a thaifead ar smeach-chairt nó ar an chlár. Má roghnaíonn tú Gníomhaíocht C a dhéanamh leis an rang, beidh na pointí seo de dhíth ort níos moille.

Tabhair cóip de Leathan Oibre 8 do gach páiste. Iarr orthu é a sheiceáil in éadán an liosta 'ar son' agus 'in aghaidh' a rinne siad mar rang. Is féidir seo a dhéanamh i ngrúpaí, i bpéirí nó go haonarach.

Má thagann siad ar thuairimí nua, iarr orthu iad a chur ina bhfocail féin agus na tuairimí a thaifead ar an chlár.

Faoi dheireadh, ag déanamh tagartha do phóstaer CCP, fiafraigh de na páistí más féidir leo teacht ar rud ar bith sa Choinbhinsiún a thacaíonn nó a thagann salach ar an seanfhocal: "Ba chóir páistí a fheiceáil gan iad a chluinstin".

**Nóta do Mhúinteoirí:**



***Airteagal 12 CCP***

1. Deir sé go gcinnteoidh Páirtithe [an Choinbhinsiúin] don pháiste atá in ann a t(h)uairimí a dhéanamh an ceart chun na tuairimí a nochtadh go héasca i ngach ábhar a théann i bhfeidhm ar an pháiste, agus tuairimí an pháiste a mheas de réir aibíocht agus aois an pháiste.
2. Chuige seo, tabharfar an deis don pháiste go n-éistfí leis i gcaingean breithiúnach nó riaracháin a théann i bhfeidhm ar an pháiste, go díreach, nó trí ionadaíoch nó comhlacht cuí, ar bhealaí atá comhsheasmhach le rialacha dlí náisiúnta.

## B: Cá as a dtagann mo thuairimí?

Iarr ar na páistí sainmhíniú a thabhairt ar cad is 'tuairim' ann. B'fhéidir gur mhian leat iarraidh ar dhalta focal a aimsiú san fhoclóir agus sainmhíniú an fhoclóra a chur i gcomparáid leis an sainmhíniú a thugann an rang.

Ina dhiaidh seo éascaigh díospóireacht ranga ar cá bhfaighimid ár dtuairimí.

**Ceisteanna Díospóireachta:**

- Ar rugadh le do thuairimí tú?
- An bhfuil do thuairimí múnlaithe ag daoine eile? Má tá, cé hiad na daoine is mó a théann i bhfeidhm ort agus cad chuige?
- Cad é eile a imríonn tionchar ar do thuairimí? An ndéanann an tír nó an limistéar inár rugadh tú agus/nó ina bhfuil tú ag fás aníos difear ar bith? Cad é faoi d'éispéiris laethúla – an rud a dhéanann tú, an rud a fheiceann tú? Nó an rud a fhoghlaimaíonn tú ar scoil? Nó a léann tú i leabhair nó in

irisí? Nó a fheiceann tú ar an teilifís?

- Cé/cad é is mó a théann i bhfeidhm ort agus tú ag smaoineamh faoi rudaí?

Dírigh aird na bpáistí ar an phóstaer CCP nó DUCD. Fiafraigh díobh más féidir leo teacht ar cheart ar bith a bhaineann le tuairim bheith ag duine.

I ndiaidh dóibh "An ceart chun tuairimí bheith acu agus an ní a smaoiníonn siad a rá" mar an ceart atá i gceist, fiafraigh díobh cad iad na freagrachtaí comhfhreagracha (chun éisteacht, meas bheith acu ar thuairimí daoine eile, srl….)

Mura raibh aonad 4 déanta acu, is féidir leat iad a thabhairt siar go dtí Leathan Oibre 4.2.

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin: Airteagal 14 CCP; Airteagal 18, DUCD

An ceart chun saoirse tuairimíochta: Airteagal 13 CCP; Airteagal 19, DUCD

## C: Fadhbfhuascailt

**Díospóireacht:**

Tabhair aird na bpáistí siar chuig liosta na bpointí ar son agus in aghaidh an ráitis "Ba chóir páistí a fheiceáil gan iad a chluinstin" a rinne siad mar chuid de Ghníomhaíocht A.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar fhocal nó ar fhrása gairid a shainmhíníonn an caidreamh idir an dá thacar ráiteas i Leathan Oibre 8.

Scríobh na focail/frásaí ar an chlár nó ar smeach-chairt. Más gá, tabhair tacaíocht dóibh le haithint go seasann na ráitis do dhá pheirspictíocht atá in éadan nó i gcoimhlint lena chéile.

Mol do na páistí go mbíonn cuid mhór cúiseanna ann go n-éiríonn le coimhlintí. Ag lua Ghníomhaíocht B, 'Peirspictíochtaí ar Fhostú Páistí ' gníomhaíocht in Aonad 7, fiafraigh de na páistí más féidir leo smaoineamh ar chúiseanna go n-éiríonn le coimhlintí. (Barúlacha difriúla, éispéiris, ábhair spéise, riachtanais, dóchais agus aidhmeanna).

Scríobh a bhfreagraí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Iarr ar na páistí le smaoineamh ar a oiread sin bealaí is féidir leo a d'fheadfadh daoine a úsáid chun dul i ngleic leis na coimhlintí agus iad a réiteach. B'fhéidir gur mhian leat iad a éascú trí iarraidh orthu smaoineamh ar staideanna coimhlintí ar chuala siad fúthu nó ar léigh siad fúthu nó a chonaic siad ar an teilifís. Arís eile, scríobh a bhfreagraí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Nuair atá seo déanta agat, iarr ar na páistí na modhanna a aimsiú, a shíleann siad, is dócha atá ann chun :

- Cuidiú le fadhb a réiteach;
- Bheith neamhchuidiúil;
- Fadhb a dhéanamh níos measa.

**Rólghníomhaíocht:**

Ag dul siar ar ráitis 'Is ea' agus 'Ní hea', roinn an rang ina dhá ghrúpa le grúpa amháin ar son na peirspictíochta 'Is ea' agus an ceann eile ar son na peirspictíochta 'Ní hea'.

Mínigh go bhfuil siad le rólghníomhaíocht a dhéanamh: caithfidh gach grúpa tacú leis an 'taobh' ar a bhfuil siad agus, dá bhrí sin, tuairimí an taoibh sin, fiú amháin mura n-aontaíonn siad féin leis na tuairimí úd.

**Mínigh go bhfuil tú ag iarraidh orthu dul i ngleic le trí dhúshlán agus caithfidh siad cinneadh a dhéanamh ar cad é mar a dhéanfaidh siad sin:**

- Ar an chéad dul síos, caithfidh an dá ghrúpa aontú ar an mhodh atá siad le húsáid chun dul i ngleic leis an choimhlint atá ag brath ar a bpeirspictíochtaí freasúracha 'Is ea' agus 'Ní hea' (m.sh. plé/díospóireacht le seal cainte ag gach duine)
- Ar an dara dul síos, caithfidh siad an modh a d'aontaigh siad a leanúint ar dhóigh a gcuireann sé ar chumas an dá thaobh páirt a ghlacadh ar bhonn cothrom.
- Ar an tríú dul síos, caithfidh siad obair tríd an choimhlint chun comhréiteach nó réiteach a bhaint amach atá inghlactha ag an dá taobh.

**Éascaigh an rang le dul i ngleic leis na dúshláin de réir a chéile, ag idirghabháil de réir mar is gá**

a) chun cur i gcuimhne dóibh go gcaithfidh a bhfreagairt ar na dúshláin bheith inghlactha don dá champa, campa 'Is ea' agus campa 'Ní hea' agus

b) chun cuidiú leo mura mbíonn a bhfreagairt ar cheann amháin nó níos mó de na dúshláin ag obair – mar shampla, má chinneann siad ar chomhrá mar mhodh agus briseann an comhrá síos, cuidiú leis na páistí le machnamh a dhéanamh ar cad chuige ar tharla sé (m.sh. tá grúpa amháin/an dá ghrúpa ag caint, ach níl siad ag éisteacht) agus chun comhroghnach a aimsiú.

Nuair a oibríonn na páistí síos tríd na trí dhúshlán, bailigh an rang le chéile arís agus iarr orthu:

- Suas go dtí cúig riail cleachtais a aimsiú a shíleann siad ar chóir a úsáid más gá fadhbanna a réiteach a) go síochánta agus b) ar bhealach atá inghlactha ag gach taobh;
- A dtuairimí ar cé acu 'is chóir páistí a fheiceáil ach gan iad a chluinstin' nó nár chóir a roinnt;
- Cuir in iúl na cineálacha ceisteanna i scoil agus/nó ina bpobal inár mhaith leo a dtuairimí a nochtadh.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha

Thiocfadh an cheist a fhiosrú maidir le cad chuige a dtarlaíonn coimhlintí, pléadh fosta an smaoineamh faoi chleachtadh na mbarúlacha a chur san áireamh anseo.

**Eochairfhocail**

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí a mholtar thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí maidir leis na n-eochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Tuairim
- Comhrá
- Coimhlint
- Idirbheartaíocht

Maisigh na focail ar theimpléad 'bríce' agus cuir iad seo le balla chearta an duine.

Aimsigh a oiread focal beag is féidir leo laistigh den fhocal.

Obair foclóira:
Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ar leathanach 111 den acmhainn seo).

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt míniúchán ar fhocal ar leith a scairteadh amach agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniúcháin an fhocail a chumadh agus iad a thaifead i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

**2. Obair Dialann Mhachnaimh**

Tabhair deis do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a thaifead.

**3. Dráma agus Rólghníomhaíocht: Ag Fíor-Éisteacht**

Iarrann an ghníomhaíocht ar na páistí a mhéad atá deiseanna fiúntacha chun 'tuairim a nochtadh' ina ndeiseanna a chuireann ar chumas duine iad féin a chur in iúl agus go n-éistfí leo a fhiosrú.

Dean péirí den rang. Toisc go bhfuil cóipeanna de Leathan Oibre 8 ag na páistí, thiocfadh leo seo a úsáid mar 'script'.

Iarr ar gach péire a thábhachtaí atá sé go n-éistfí leo chun ciall agus an luach a thabhairt do 'thuairim a nochtadh' a fhiosrú trí dhráma a úsáid lena chéile le cuid de na cásanna gairide a leanas

**CÁSANNA**

- Léann páiste amháin na ráitis 'Is ea' amach agus léann an páiste eile na ráitis 'Ní hea' amach go comhuaineach.
- Léann páiste amháin na ráitis 'Is ea' nó na ráitis 'Ní hea' amach agus clúdaíonn an páiste eile a c(h)luasa.

- Léann páiste amháin na ráitis 'Is ea' nó na ráitis 'Ní hea' amach gan an páiste eile ag amharc idir an dá shúil acu.
- Léann páiste amháin na ráitis 'Is ea' nó na ráitis 'Ní hea' amach agus ligeann an páiste eile air féin go bhfuil siad ag labhairt le duine eile agus/nó téann sé ar aghaidh le rud éigin eile ar fad.
- Léann páiste amháin na ráitis 'Is ea' nó na ráitis 'Ní hea' amach nuair a ligeann an duine eile air féin go bhfuil sé ag éisteacht go cúramach lena bhfuil sé ag rá, ach nuair a chuirtear ceist air ina dhiaidh tá sé soiléir nach raibh agus nach bhfuil suim aige ann.

Nuair atá na páistí réidh le drámaí a dhéanamh de na cásanna lena chéile, bailigh an rang le chéile arís agus iarr ar chuid de na péirí dráma a dhéanamh de chás amháin don chuid eile den rang.

Cuir leis sin trí iarraidh ar na páistí le cur in iúl cad é mar a mhothaigh siad nuair a bhí siad ina bpáirteanna sna cásanna difriúla.

Éascaigh an rang le teacht aníos le cás gairid, comhroghnach ar theagmháil fhiúntach í ina mbíonn deis ag duine a bharúlacha a chur in iúl agus go n-éistear leis.

Faoi dheireadh, tabhair tacaíocht do na páistí le teacht aníos le liosta gairid de 'Déan' agus Ná déan' a chuireann in iúl dearcadh an ranga ar cad é mar is féidir le daoine dul i dteagmháil ar bhealach a mbíonn seans ag gach duine tuairimí a nochtadh agus go n-éistfí leo.

Más cuí é agus tá an rang sásta é a dhéanamh, thiocfadh an liosta seo a fhorbairt ina phóstear a chuirtear ar taispeántas sa rang agus b'fhéidir in áiteanna eile bainteacha sa scoil.

**4. Guthanna Difriúla a Chluinstin:**

Iarr ar na páistí dráma a úsáid chun na cásanna sa Ghníomhaíocht Fairsingithe Roghnach roimhe a dhéanamh mar bhealach isteach lena gcur ar a gcumas an cheist faoi ghuthanna 'tromlach' agus 'mionlach' a fhiosrú .i. go labhraíonn cuid daoine níos callánaí agus/nó is dócha go gcluintear iad níos minice ná na daoine eile.

Thiocfadh leat tosú ar an cheist seo a imscrúdú trí thógáil ar Aonaid 5 agus 6 agus trí iarraidh orthu smaoineamh ar na difríochtaí idir daoine a chiallaíonn gur mó ná gur lú an dochúlacht, go mbeadh deiseanna acu tuairimí a nochtadh agus go n-éistfí leo.

**Más gá, is féidir leat tacú leo trí cheisteanna den chineál seo a chur:**

- An ndéanann aois difear?
- Más fear nó bean, cailín nó gasúr an duine an ndéanann sé difear?
- Má bhíonn deacracht ag duine le léitheoireacht agus scríbhneoireacht an ndéanann sé difear?
- Má bhíonn míchumas de chineál éigin ar dhuine an ndéanann sé difear?
- Má chónaíonn duine i sráidbhaile beag iargúlta faoin tuath seachas i gcathair mhór an ndéanann sé difear?

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Má chinneann tú ar cheisteanna a chur ar na páistí ar an dóigh seo, úsáid d'eolas ar a gcúinsí lena chinntiú go gcuireann na ceisteanna, a chuireann tú orthu agus an dóigh a gcuireann tú iad, iad ar a suaimhneas go bhfuil tú ag díriú ar chothromaíocht na sochaí ina bhfuil siad ina gcónaí agus nach bhfuiltear ag iarraidh iad a lipéadú nó breithiúnas a thabhairt orthu ar bhealach ar bith.

Iarr ar na páistí a mbarúlacha a mhíniú agus cé acu a shíleann siad go bhfuil an status quo cóir nó nach síleann a rá.

Thiocfadh leat an ghníomhaíocht seo a fhorbairt trí thacú leis na páistí scríobh chuig, mar shampla, a gcomhairle contae áitiúil nó an tÚdarás Comhionannais (Poblacht na hÉireann)/Coimisiún Comhionannais Do Thuaisceart Éireann (féach aguisín líonláithreán). Is féidir leis na páistí a insint dóibh faoi cad é a d'fhoghlaim siad agus tuilleadh eolais a iarraidh faoi cad é a atáthar a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn deiseanna níos cothroime ag daoine chun a dtuairim a nochtadh agus go n-éistfí leo ar leibhéal áitiúil/náisiúnta.

### 5. Gníomhaíocht Scoile Iomláine – 'An Scoil a Éisteann'

Forbair Gníomhaíocht C 'Caint Fadhbfhuascailte' tríd na páistí a chumasú le dul i ngleic leis an cheist faoi thuairimí a nochtadh faoi cheisteanna sa scoil:

**Ceisteanna Díospóireachta:**

- An bhfuil suim agat tuairimí a nochtadh faoi ghnéithe den saol scoile?
- Cad iad na gnéithe i do shaol laethúil ar scoil ina bhfuil suim agat ann tuairimí a nochtadh fúthu? (Chun tacú leo freagairt a thabhairt ar an cheist seo, thiocfadh leat samplaí ar leith ón liosta ar cheisteanna scoile iomláine thíos a roghnú nó iad a roghnú ó phlean scoile do scoile féin).

Iarr ar an rang suas go dtí cúig cheist/réimse a aontú ar mhian leo tacaíocht a fháil leo chun tuairimí a nochtadh orthu. Ansin iarr ar na páistí freagairt a thabhairt ar na ceisteanna a leanas:

- Cad iad na modhanna is fearr, dar leat, a thacaíonn leat do dhearcaidh/smaointe a chur in iúl faoi na réimse seo den saol scoile? (Thiocfadh leat samplaí a thabhairt dóibh ón liosta thíos chun a smaointeoireacht ar an cheist seo a spreagadh.)
- Cá huair agus cé chomh minic ba mhaith leat tuairimí a nochtadh?
- Cé acu duine is fearr le do dhearcaidh a chur in iúl dó agus/nó arbh fhearr leat iad a chur in iúl gan ainm?
- Ar mhaith leat an deis do dhearcaidh/smaointe a chur in iúl mar dhuine aonarach agus/nó mar rang?

I ndiaidh do na páistí na ceisteanna a fhiosrú iarr orthu:

- Dul i gcomhairle le páistí eile sa scoil ar an cheist seo trí cheistneoir gairid a chumadh atá bunaithe ar cheisteanna atá siad i ndiaidh a fhiosrú agus na torthaí a chur i dtoll a chéile. (Beidh ort tacú leo le haontú ar aois íosta na bpáistí a bhfuil siad le dul i gcomhairle leo agus ceistneoir gairid a chumadh a thuigfeadh páistí eile, níos óige is dócha, ina scoil. Cuir comhairle orthu faoi ceistneoir a chumadh a chuirfidh ar a gcumas na torthaí a chur i dtoll a chéile go furasta .i. ceisteanna a fhóireann freagraí Is ea nó Ní hea chomh maith le ceisteanna ilroghnacha sa dóigh gur féidir na torthaí a chur i láthair le huimhreacha).

*&/NÓ*

- Torthaí a ndíospóireachta féin a chur i láthair agus/nó an ceistneoir don phríomhoide agus go dtugann sé/sí aischothú ar a dtorthaí agus a chuireann in iúl dóibh, mar shampla, an méid ar féidir lena dtorthaí bheith ina bhonn chun stádas na scoile mar 'Scoil a Éisteann' a fheabhsú'.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Beidh indéantacht na gníomhaíochta thuas ag brath ar éagsúlacht tosca, leibhéal suime na ndaltaí, cúinsí do scoile agus ar an méid réamhthaithí a bhí aici daltaí a dhéanamh páirteach i bpleanáil agus i gcinntí a bhaineann le ceisteanna scoile iomláine. Is féidir leat an ghníomhaíocht a oiriúnú chun freastal ar na tosca sin agus ar thosca eile.

Má tá spéis ag na páistí sa cheist seo agus níl taithí ag do scoil le daltaí a dhéanamh páirteach i gcinnteoireacht ar cheisteanna scoile iomláine, thiocfadh an rang a spreagadh chun togra taighde gairid a dhéanamh chun eolas a bhailiú ea d'fhéadfaí a thabhairt don phríomhoide mar dhóigh leis an scoil a chumasú chun smaoineamh ar bhealaí ina dtiocfadh leo cleachtais a fhorbairt lena stádas mar 'Scoil a Éisteann' a fheabhsú.

Os a choinne sin, thiocfadh leat gníomhaíocht choibhéiseach a dhéanamh a chuireann ar chumas na bpáistí machnamh a dhéanamh agus níos mó a fháil amach faoi dheiseanna dóibh bheith páirteach i gcinnteoireacht ag leibhéal pobail áitiúil.

Sa dá chás, ar pointí maithe tosaigh le haghaidh eolais tá:

- Poblacht na hÉireann – Oifig an Ombudsman um Páistí agus Oifig Náisiúnta um Páistí.
- Tuaisceart Éireann - Coimisinéir Thuaiseart Éireann um Páistí agus Daoine Óga (NICCY), Ionad Dlí Páistí agus Save the Children.

### 9. Nascadh Idirscoile – Díospóireacht Idirscoile

Má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil eile thiocfadh leis an dá rang eolas a mhalartú ar cheann amháin nó níos mó de na ceisteanna a leanas:

- Cén taithí atá acu bheith páirteach i gcinnteoireacht scoile agus/nó cad iad na deiseanna a gcuirfeadh siad fáilte rompu le bheith páirteach ann?
- Cad iad na modhanna a d'úsáid siad agus/nó ar mhaith leo a úsáid agus cad chuige?
- Cad iad torthaí cheistneoir a scoile, má thug siad faoi cheann?
- Cad é a d'fhoghlaim siad faoin cheist seo a bheadh an-úsáideach do na páistí ina rang nasctha, dar leo, le smaoineamh fúthu?

**Eolas Cúlra do Mhúinteoirí chun Páistí a dhéanamh Páirteach i gCinnteoireacht**

**Páistí a dhéanamh Páirteach i gCinnteoireacht: Modhanna Samplacha**

- Aontas mac léinn piara-thofa
- Coistí daltaí piara-thofa
- Ionadaíocht piara-thofa ar choistí bainteacha nó ar ghrúpaí oibre scoile
- Éascaigh ghrúp-dhíospóireacht nó cruinniú
- Agallamh duine le duine
- Ceistneoir
- Scríbhneoireacht aonarach (tuairimí, moltaí, ceisteanna, gearáin)
- Gníomhaíochtaí ealaíona (péinteáil, líníocht, mionsamhail a dhéanamh, dealbhóireacht, colláis, srl.)
- Cluichí
- Drámaíocht agus rólghníomhaíocht
- Boscaí Moltaí
- Balla graifítí

**Eolas Cúlra do Mhúinteoirí ag déanamh Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach Scoile Iomláine**

**Samplaí de Cheisteanna Scoile Iomláine**

Éiteas scoile, aeráid agus atmaisfeár

- Eochairphrionsabail
- Straitéisí chun na prionsabail seo a bhaint amach

**Comhionannas**

- Forbairt agus cur i bhfeidhm beartas ar cheisteanna comhionannais, ar chuimsiú agus éagsúlacht

**Sláinte agus sábháilteacht**

- Forbairt agus cur i bhfeidhm beartas ar cheisteanna amhail cosaint leanaí, frithbhulaíocht, úsáid substainte, cód/cóid iompraíochta
- Cothú/margaíocht táirgí tráchtála

**Bia**

- Scéimeanna béilí scoileanna
- Bia sláintiúil a chur chun cinn (lóntaí sláintiúla, srl.)

**Éide**

- Polasaí éide
- Polasaí ar sheodra agus/nó ar oiriúintí eile

**Gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim**

- Obair bhaile
- Úsáid TE agus Idirlín
- Naisc idir réimsí ábhar/foghlaim curaclaim agus gníomhaíocht scoile iomláine
- Measúnú agus féinmheasúnú
- Teagmháil le scoileanna eile (naisc oideachasúla, srl.)
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

**Comhshaol**

- Meas ar mhaoin scoile agus maoin aonarach
- Cothabháil foirgnimh
- Cosaint an Chomhshaoil do cheantair lasmuigh/tailte scoile
- Dul i ngleic le caitheamh bruscair
- Scéimeanna athchúrsála

**Faisnéis**

- Rochtain ar Fhaisnéis (trédhearcacht agus freagracht)
- Polasaithe cuntasaíochta (meas ar phríobháideachas; rúndacht/toiliú maidir le hiarratais d'fhoráil faisnéise)
- Cosaint ó fhaisnéis dhochrach (idirlíon, gutháin phóca, srl.)

**Rannpháirtíocht**

- Modhanna chun chomhaltaí phobal na scoile (daltaí san áireamh) a dhéanamh páirteach i gcinnteoireacht scoile a aimsiú, a phleanáil, a chur i ngníomh agus meastóireacht a dheanamh orthu

# 9: Tionscnóirí agus Cosantóirí Chearta an Pháiste

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Ar bharr na méide a d'fhoghlaim na páistí faoina gcearta chun tuairim a nochtadh maidir le rudaí a théann i bhfeidhm orthu (Airteagal 12, CCP) san Aonad roimhe agus a gceart go dtabharfadh aire dóibh (Is eilimint lárnach seo den CCP. Mar shampla féach 3) in Aonad 7, díreoidh an tAonad seo ar dhaoine a bhfuil an post acu chun cearta páistí a **chur chun cinn** agus **a chosaint**. Ag brath ar cá bhfuil tú ag teagasc, i dTuaisceart Éireann nó i bPoblacht na hÉireann, díreoidh an tAonad seo ar ról **Choimisinéir** Thuaisceart Éireann um Páistí agus Daoine Óga (NICCY) nó ar an **Ombudsman** um Páistí, Poblacht na hÉireann (OCO).

I dteannta a bhfuil le foghlaim faoi na hoifigí seo agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, táthar ag súil go gcuirfidh an t-aonad seo ar chumas na bpáistí na scileanna atá de dhíth a fhorbairt chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint iad féin. Chomh maith leis sin, ag tógáil ar cad é a d'fhoghlaim na páistí in Aonaid 1, 2 agus 4, tá sé mar aidhm ag an Aonad seo na páistí a chumhachtú chun céimeanna dearfacha a thabhairt le staid chearta an duine do chách ina bpobal scoile, chomh maith leis an mhórphobal, a fheabhsú.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas na bpáistí chun:

- Bheith eolach ar obair Choimisinéir Thuaisceart Éireann um Páistí agus Daoine Óga agus Ombudsman um Páistí (OCO)
- Machnamh a dhéanamh ar an chiall atá le 'cur chun cinn' agus 'cosaint' chearta an duine agus na difríochtaí idir an dá gníomh
- Ceisteanna sa phobal áitiúil a aimsiú a bhfuil suim ar leith ag páistí/imní ar leith ag páistí iontu
- Scileanna amhail fiosrú, grúp-dhíospóireacht, fadhbhfhuascailt agus foghlaim chomhoibritheach a chleachtadh agus a fhorbairt

**Acmhainní**

Gníomhaíocht A: Do gach páiste, páipéar agus pinn/pionsailí agus do gach péire/grúpa páistí, cóip de Leathan Oibre 9 (leathanach 99/100)

Gníomhaíocht B: Do gach péire/grúpa páistí, páipéar agus pinn/pionsailí; roinnt leathanach de pháipéar A4 do phéire páistí agus ábhair ealaíne don chuid eile den rang.

## A. Laochraí agus Comhlachtaí Faire do Pháistí

Ag brath ar an áit a bhfuil tú ag teagasc, i dTuaisceart Éireann scríobh an focal 'Coimisinéir', nó má tá tú ag teagasc i bPoblacht na hÉireann, scríobh an focal 'Ombudsman' ar an chlár nó ar smeach-chairt. Tabhair trí bhomaite do na páistí chun a oiread focal difriúil is féidir leo a chumadh ó na litreacha san fhocal. Iarr moltaí ó na páistí agus scríobh na focail a deir siad ar an chlár.

Fiafraigh de na páistí má chuala siad an focal 'Coimisinéir'/'Ombudsman' roimhe agus, má chuala, fiafraigh díobh cá háit/cá huair?

Fiafraigh de na páistí má chuala siad go raibh Choimisinéir um Páistí agus Daoine óga i dTuaisceart Éireann/Ombudsman um Páistí i bPoblacht na hÉireann. Cad é a síleann siad a dhéanann an duine sin a bhfuil an post aige?

Cuir an rang i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Tabhair cóip den chomhad fíorais bainteach do gach péire/grúpa ó Leathan Oibre 9 (.i. an comhad fíorais ar NICCY do pháistí i dTuaisceart Éireann nó ar an chomhad fíorais ar Ombudsman um Páistí i bPoblacht na hÉireann). Iarr orthu é a léamh le chéile agus líne a chur faoi fhocal ar bith nach dtuigeann siad go hiomlán.

Éascaigh tuiscint neamhfhoirmiúil béil a shoiléiríonn go dtuigeann na páistí na focail sa téacs a bhfuil líne fúthu chomh maith le focail bhreise a d'aimsigh siad féin.

Cuir roinnt bheag eochaircheisteanna ar na páistí lena cinntiú gur shealbhaigh siad agus go dtuigeann siad na heochairphointí – mar shampla:

**Eochaircheisteanna**

- An bhfuil ról an Choimisinéara um Páistí agus Daoine Óga/Ombudsman um Páistí scríofa sa dlí? Má tá, cad é an t-ainm atá ar an dlí? Cad chuige a síleann tú go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil dlí den chineál seo ann?
- Cad é an t-ainm atá ar an Choimisinéir TÉ um Páistí agus Daoine Óga /Ombudsman um Páistí?
- Cad iad a p(h)ríomhróil?
- Cé acu de na róil úd atá ag Coimisinéir um Páistí agus Daoine Óga TÉ/Ombudsman um Páistí ag gníomhú mar 'laochra do pháistí' (.i. cearta páistí a chur chun cinn) nó mar 'chomhlacht faire do pháistí' (.i. ag cosaint cearta páistí)?

## B. Ag Obair leis an Chomhlacht Faire!

Samhlaigh go bhfuil an tOmbudsman/Coimisinéir ar lorg páiste le cuidiú leo jab níos fearr a dhéanamh do pháistí. Tá ceart ag gach páiste cur isteach don phost. Cinneann tú ar chur isteach dó toisc go síleann tú go mbeifeá i d'iarrthóir fíormhaith agus go mbeadh smaointe maithe agat.

**Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a leanas:**

- Cad chuige a síleann tú go mbeifeá i d'iarrthóir mhaith?
- Ar chuidigh tú le páistí cheana? Conas a chuidigh tú?
- Cad é mar a chuideofá leis an Ombudsman?/Choimisinéir?

Roinn na páistí isteach ina bpéirí/grúpaí beaga sa dóigh go dtig leo comhphlé a dhéanamh ar smaointe. Iarr ar gach grúpa teacht aníos le roinnt pointí a chuiridís ina n-iarratas.

**Mol dóibh go gcuireann siad an t-eolas a leanas ina n-iarratas:**

- Rudaí a rinne siad le cuidiú le páistí ina rang, scoil agus/ina bpobal áitiúil (samplaí d'iompar a raibh tionchar dearfach aige ar pháistí agus ar aosaigh a bhfuil aithne acu orthu);
- Bua atá acu a bheadh an-úsáideach ina ról ag cuidiú leis an Choimisinéir/Ombudsman;
- Samplaí de rud ar bith a rinne siad chun athrú dearfach a chur i bhfeidhm;
- Samplaí de rudaí a chreideann siad ba chóir agus is féidir a dhéanamh chun saol páistí ina gceantar a fheabhsú.

Nuair atá liosta déanta ag gach péire/grúpa, iarr orthu aontú ar thrí eochairphointe uaidh.

Bailigh an rang le chéile arís agus iarr ar gach péire/grúpa aiseolas a thabhairt ar na trí phointe. Scríobh iad siúd ar an chlár nó ar smeach-chairt. Nuair atá aiseolas tugtha ag gach grúpa, fiafraigh den rang an bhfuil rud ar bith eile ann ba mhaith leo cur leis an liosta.

Cuir i gcuimhne dóibh gur ceann de na róil atá ag Coimisinéir/Ombudsman ná fáil amach cad é a shíleann páistí atá tábhachtach agus le héisteacht lena bhfuil le rá acu.

Mol go n-úsáideann an rang liosta na bpointí mar chreatlach litreach don Choimisinéir/Ombudsman.

**Mol dóigheanna ina dtiocfadh leo na pointí sa litir a chur i láthair arís – mar shampla thiocfadh leo:**

- A rá go raibh siad ag foghlaim faoi obair an Choimisinéara/Ombudsman sa rang
- Roinnt samplaí a thabhairt ar rudaí a rinne siad le cuidiú le páistí/daoine óga ina scoil/bpobal áitiúil
- Na príomhcheisteanna, dar leo, a bhaineann le páistí ina gceantar a aimsiú agus roinnt moltaí ar cad é is féidir a dhéanamh chun saol laethúil na bpáistí ina gceantar a fheabhsú

- Iarr faisnéis faoi cad é atá an Coimisinéir/Ombudsman a dhéanamh faoi láthair ar mhaithe le páistí nó cad é atá beartaithe agat le déanamh ar ball amach anseo.



*Eitlinn Patton, Bunscoil Chlochar Naomh Iósaef, An tIúr. Co. an Dúin*

- Fiafraigh den Choimisinéir/Ombudsman an bhfuil dóigheanna ann a dtiocfadh le páistí agus daoine óga tacú le hobair an Choimisinéara/Ombudsman.

- Iarr aiseolas ón Choimisinéir/Ombudsman ar mholadh ar bith atá acu ar cad é is féidir leo a dhéanamh chun cearta páistí ina gceantar a chur chun cinn/a chosaint.

Éascaigh an rang chun litir fhoirmiúil mar ghrúpa a ullmhú tríd an litir a scríobh ar an chlár/smeach-chairt de réir mar a dhéanann na páistí a bpointí.

Iarr ar an rang beirt a ainmniú le hobair le chéile chun an litir a scríobh amach. Agus seo á dhéanamh acu, thiocfadh leis na páistí eile léaráidí faoi na pointí sa litir a ullmhú. Cuir fáilte roimh gach páiste an litir a shíniú agus í a sheoladh chomh maith le léaráidí chuig an Choimisinéir/Ombudsman (féach www.niccy.org nó www.oco.ie le haghaidh sonraí teagmhála).

- Más gá, lean seo le scairt gutháin a chur ar oifig an Choimisinéara/Ombudsman le fiosrú cá huair is féidir leis an rang freagairt a fháil.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha

### 1. Eochairfhocail

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí atá molta thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí maidir leis na heochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Coimisinéir
- Ombudsman
- Cur chun cinn
- Cosaint

Maisigh na focail ar theimpléad 'bríce' agus cuir iad seo le balla chearta an duine.

Aimsigh a oiread focal beag is féidir leo laistigh den fhocal.

Obair foclóra:
Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ag leathanach 111 den acmhainn seo).

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt mhíniúchán ar fhocal ar leith a scairteadh amach agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniúchán an fhocail a chumadh agus iad a thaifead i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

### 2. Obair Dialann Mhachnaimh

Is dócha gur mian leat deis a thabhairt do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a thaifead.

### 3. Ag Cur Chun Cinn agus ag Cosaint Chearta an Duine thart ar an Domhan

Tá roinnt tíortha thart ar an domhan a bhfuil oifigí acu le róil atá coibhéiseach le róil NICCY agus OCO.

Tá eolas faoi na hoifigí siúd agus rochtain ar a líonlaithreáin faoi seach ar fáil ag líonláithreáin NICCY nó OCO, www.niccy.org agus/nó www.oco.ie.  Féach fosta, Líonra Eorpach d'Omdudsman um Páistí: www.ombudsnet.org.

Ag úsáid an líonláithreáin seo, déan liosta de thíortha a bhfuil Coimisinéir/Ombudsman um Páistí agus Daoine Óga acu. Iarr ar na páistí na tíortha i gceist a fháil ar léarscáil an domhain.

### 4. Gníomhaíocht Scoile Iomláine – Páistí ag Cur Chearta an Duine Chun Cinn

Ag úsáid an aiseolais a fuair an rang ón Choimisinéir/Ombudsman mar phointe tosaigh, tabhair tacaíocht do na páistí chun fáil amach na deiseanna aois-chuí atá ann dóibh le bheith páirteach go gníomhach i gcosaint chearta an duine/nó cearta an pháiste ina scoil agus/nó ina bpobal.

**Ar na ceisteanna b'fhéidir ar mhian leat agus leo machnamh a dhéanamh orthu tá:**

- Scéimeanna chosaint an chomhshaoil (athchúrsáil; garraíodóireacht pobail nó scéimeanna páirce; rialú bruscair; srl.)
- Scéimeanna cothaithe sláinte (feasacht a spreagadh agus faisnéis a sholáthar do pháistí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi bhia folláin do pháistí; an baol le caitheamh tobac; srl.)
- Rannpháirtíocht páistí i scoil agus sa phobal áitiúil (úsáid an fhoghlaim ó Aonaid 8 agus 9 chun tacú leis na páistí bheith páirteach i ndeiseanna chun ionchur bheith acu i gcinnteoireacht i scoil agus/nó ina bpobal áitiúil)
- Gníomhaíochtaí comhionannais agus éagsúlachta (úsáid an fhoghlaim ó Aonaid 2, 5 agus 6 le tacú leis na páistí éirí páirteach i ngníomhaíochtaí aois-chuí ar cheisteanna comhionannais agus éagsúlachta sa scoil agus/nó ina bpobal áitiúil).

### 5. Nascadh Idirscoile (TE san áireamh) – Díospóireacht Idirscoile

Má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil i bPoblacht na hÉireann/i dTuaisceart Éireann, déan socrú go ndéanfaidh an dá rang an ceacht seo go comhuaineach agus ansin tacaigh leis na páistí chun TE nó modhanna cumarsáide eile a úsáid:

- Chun eolas a mhalartú lena chéile faoi cad é a d'fhoghlaim siad faoi NICCY/OCO;
- Chun a mbarúlacha ar cad é ba chóir a dhéanamh chun saol na bpáistí ina gceantair féin a roinnt.

# 10. Ag Gníomhú

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Ag aithint go mbíonn baint ag páistí le foghlaim trí chearta an duine, chomh maith le foghlaim faoi chearta duine, tairiscíonn an tAonad seo deis do na páistí chun an t-eolas, scileanna agus barúlacha a fuair siad tríd an chlár seo a chur i bhfeidhm. Trí chuid smaointe coincréiteacha de thograí a leagan amach ar féidir leo tabhairt fúthu, tá sé mar aidhm aige feasacht i measc páistí a ardú nach ceisteanna do dhaoine fásta nó daoine áit éigin eile amháin iad ceart an duine.

Soláthraíonn an tAonad seo teimpléad trína dtig le páistí togra ar leibhéal scoile iomláine, áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta a roghnú agus a chur i bhfeidhm nó a thabhairt faoi. Tá na gníomhaíochtaí san Aonad seo dírithe ar pháistí a chumascú chun scileanna obair bhuíne, a cuireadh chun cinn fud fad na hacmhainne seo, amhail idirbheartaíocht agus éisteacht, a dhainghniú. Ina theannta sin, táthar ag súil go bhfaighidh páistí tuiscint ar an phróiseas chun a gcearta a bhaint amach agus le tacú lena gcearta féin agus cearta dhaoine eile trí bheith páirteach ina leithéid de thogra.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas páistí:

- Tábhachtach gníomhú ar bith ar son chearta an duine (a laghad atá sé) a thugann siad faoi a thuiscint;
- An méid a d'fhoghlaim siad ó Aonaid roimhe a chur i bhfeidhm;
- Scileanna amhail éisteacht ghníomhach, díospóireacht agus cinnteoireacht a chleachtadh agus a fhorbairt nuair atá siad ag roghnú agus ag pleanáil togra chearta an duine.

**Acmhainní**

Póstaer Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste

Bileog shaothair 10.1 do leathchuid den rang agus Bileog shaothair 10.2 don leathchuid eile.

**A. Páistí, Cearta an Duine agus Gníomhú**

Scríobh an ráiteas a leanas ar an chlár:

"Baineann ceisteanna chearta an duine le haosaigh amháin. Cé gur chóir do pháistí foghlaim fúthu sa rang, ní féidir ach le haosaigh gníomhú do chearta an duine".

Fiafraigh de na páistí cad é a shíleann siad faoin ráiteas agus cé acu a aontaíonn nó a easaontaíonn siad leis. Cuir dhá thaobh ar an chlár déan taifead dá bpointí faoi na teidil 'aontaím' agus 'easaontaím'.

Chun na páistí a spreagadh le gníomhú do chearta an duine, cuir i gcuimhne dóibh faoi thagairt Anita Roddick: "*Má shíleann tú go bhfuil tú ró-bheag le dul i bhfeidhm, déan iarracht le dul a chodladh le muiscít sa leaba.*"

Os a choinne sin, taispeáin liosta na dtagairtí a fheictear anseo dóibh agus pléigh cé acu an ceann is fearr leo.

Cad é a chaillíonn a dtagairt is fearr?

**Tagairtí Suimiúla**

*"Tosaíonn turas míle ciliméadar le haon chéim amháin."*
Lao-Tse

*"Ní amháin gur iad an todhchaí daoine óga … is sinne an t-am i láthair."*
Seisiún Speisialta ar Chearta an Pháiste, Búdaipeist 2001

*"Nach iontach ar fad é nach gá do dhuine ar bith fanacht oiread is bomaite roimh thosú an domhan a fheabhsú."*
Anne Frank

*"Má tá fíor-shíocháin bheith againn ar an domhan, caithfidh muid tosú leis na páistí"*
Mahatma Ghandhi

*"Má shíleann tú go bhfuil tú ró-bheag le dul i bhfeidhm, déan iarracht le dul a chodladh le muiscít sa leaba."*
Anita Roddick

**Nótaí an Mhúinteora**

**Freagairtaí Féideartha:**

| **Aontaím** | **Easaontaím** |
|---|---|
| Thiocfadh leo díriú ar a gcearta sa CCP.<br>Is iad na páistí an todhchaí.<br>Is féidir le páistí dul i bhfeidhm ar chearta an duine ina scoil. | Is gá do pháistí déanamh mar a iarrann a dtuismitheoirí orthu.<br>Ní dhéanann páistí dlíthe nó vótáil. Déanann aosaigh. |

Críochnaigh an ghníomhíocht seo tríd na páistí a dhíriú ar an phóstaer CCP agus iarr orthu na cearta ar a dtig le páistí iarraidh nuair a ghíomhnaíonn siad ar son chearta an duine a aimsiú.

**Nótaí an Mhúinteora**

**Cearta i mbaol nuair a ghníomhaíonn páistí ar son chearta an duine:**

Airteagal 12, CCP–An ceart cead aighnis bheith acu agus go n-éistfí leo nuair atá cinní, a théann i bhfeidhm orthu, á ndéanamh.

Airteagal 14 agus Airteagal 13–An ceart chun smaointe bheith acu agus an rud a shíleann siad a chur in iúl.

Airteagal 15–An ceart le buaileadh le páistí eile.

Airteagal 13–An ceart chun an eolas atá de dhíth orthu a fháil.

**B. Ó Lucht Féachana go hAisteoirí: Ról Gníomhach a ghlacadh i dTogra Chearta an Duine:**



Kim O'Hare, Bunscoil Chlochar Naomh Iósaef, An tIúr, Co. an Dúin

Roimh thosú ar thogra chearta an duine ar leith leis na páistí, pléigh leo go mbeidh an cineál gníomhaíochta lena dtugann siad faoi, ina theannta leis an tionchar féidearthacht lena ngníomhaíochta, ag brath ar méid na faidhbe a mholann siad le tabhairt faoi.

Mar shampla, trí iarracht a dhéanamh chun cairt na scoile ar chearta an duine a urramú agus le cinntiú nach bhfágtar duine ar bith as cluichí sa scoil, thiocfadh tionchar mór bheith acu ar staid chearta an duine ina scoil. Ar an taobh eile, chun tionchar bheith ann ar fhadhb chearta an duine amhail easpa dídine ar leibhéal náisiúnta nó ar fhostú páistí ar leibhéal idirnáisiúnta, beidh orthu ceangail le daoine eile taobh amuigh dá phobal scoile.

Ag an phointe seo, dáil amach Bileog shaothair 10.1 agus 10.2, a thugann breacadh síos ar gníomhartha a rinne scoileanna difriúla ar son chearta an duine.

Tabhair Bileog shaothair 10.1 do thaobh amháin den ranga agus Bileog shaothair 10.2 don taobh eile.

Roinn an rang ina ngrúpaí. Iarr orthu a mbileoga saothair faoi seach a léamh agus achoimre ar gníomhaíochtaí a rinne grúpaí scoile a ullmhú ina mbileoga saothair don rang. Iarr ar dhuine ón dá thaobh den rang a n-achoimre a chur i láthair an ranga, le páistí ó ghrúpaí eile ag cur eolais bhreise eile isteach.

I ndiaidh do na páistí an dá scéal ón ghrúpa ranga eile a chluinstin, iarr orthu na difríochtaí sna gníomhaíochtaí a rinne an dá ghrúpa scoile a aimsiú.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

**Freagairtí Féideartha**

Thug an grúpa ó Bhunscoil Termoncanice faoi fheasacht faoi fheabhsú stat chearta an duine ina scoil a ardú.

Chinn an grúpa ó Naomh Uinseann de Phól GNS feasacht faoi chearta an duine thart ar an domhan agus obair Amnesty International a ardú. Bhailigh siad airgead chomh maith, a thug siad do Amnesty International

Bhí páirt de chineál éigin ag an dá thogra le bailiú eolais agus crutaitheacht.

### C. Togra Chearta an Duine a Shocrú

Mol don rang faoi thabhairt faoi thogra chearta an duine dóibh féin.

Mínigh dóibh ní amháin go mbeidh orthu aontú ar cén cheist chearta an duine atá siad ag dul a dhéanamh, ach cad é mar atá siad le tabhairt faoi seo.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Treoirlínte do Páistí ar Ghníomhú do Chearta an Duine

Nuair a thugaimid faoi ghníomhú do chearta an duine, ba chóir dúinn cúram speisialta a ghlacadh go mbíonn meas againn ar chearta an duine, mar shampla ba chóir dúinn cinntiú go mbíonn saol cainte ag gach duine sa ghrúpa faoin rud atáimid a dhéanamh agus nach gcuireann an gníomhú isteach ar chearta dhuine ar bith eile.

Úsáid na teistiméireachtaí ó scoileanna ar Bhileog shaothair 10.1 agus 10.2 mar thúsphointe don díospóireacht ar chineál togra ar mhaith leo tabhairt faoi.




Lá Chearta an Duine ag Naomh Uinseann GNS, Baile Átha Cliath 3

**Nótaí do Mhúinteoirí**

## Pointí Tosaithe

### Má chinneann na páistí le hObair ar Cheisteanna Chearta Chearta an Duine taobh istigh den Scoil

Bhí Iniúchadh Chearta an Duine a rinne Bunscoil Termoncanice bunaithe ar Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach 4, atá in Aonad 2 den acmhainn seo.

Tairiscíonn Gníomhaíocht Scoile Iomláine a fheictear in gach Aonad den acmhainn seo pointí maithe tosaithe do thogra chearta an duine.

Tá liosta de shmaointe le cur ar do chumas an próiseas seo a threorú ar leathanach 70 den acmhainn seo.

### Má chinneann na páistí le hObair ar Cheist Cheart an Duine Idirnáisiúnta

Chun cuidiú le páistí le fócasú ar leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta, iarr orthu roinnt ghrianghraf ó nuachtáin a thabhairt isteach agus labhairt faoin scéal chearta an duine a insíonn an pictiúr.

Ina áit sin, thiocfadh leat na páistí a threorú chuig CCP agus/nó DUCD agus iarraidh orthu ceisteanna chearta an duine a aimsiú ar mian leo orthu.

Ceisteanna a D'fhéadfadh a chur:

Cén cearta an duine a shíleann tú is tábhachtaí?

Cén chearta an duine a shíleann ina dtiocfadh leat ról bheith agat ann chun é a fheabhsú, trí fheachtas a dhéanamh go háirithe ar leibhéal áitiúil nó i do scoil?